C/2025/5623

17.10.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/5623)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

‘มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi’

Uimh. AE: PGI-TH-02992 — 31.8.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha) (an ATFC nó an TGFC)**

‘มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Téalainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte.

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

08 - TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0801 - Cnónna cócó, cnónna Brasaíleacha agus cnónna caisiú, iad úr nó triomaithe, bídís scilligthe nó scafa nó ná bídís

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is cnó cócó aramatach é ‘มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi’ a aicmítear mar chineál cnó cócó gearr glas ar a dtugtar Moo Si Khiao. Tá craiceann glas úr ag an toradh, mar aon le bun pléatáilte agus lár cruinn ina bhfuil bia déshraitheach. Bíonn an t-uisce milis agus bíonn cumhracht ar nós pandain air.

Saintréithe an Táirge:

(1) Cineál: Is sóchán é ón gcineál cnó cócó gearr glas ar a dtugtar Moo Si Khiao.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

(2) Saintréithe fisiceacha:

Triopall	Triopall álainn. Is éard atá sa triopall roinnt torthaí in aon triopall amháin, gach toradh cosúil le chéile ó thaobh méide de, gan aon mhíchuma ná neamhrialtachta crutha orthu. Bíonn cruth cothrom ar an triopall, is é sin nach mbíonn sé ag cromadh ar thaobh amháin ná ar an taobh eile agus bíonn gach toradh socraithe go haonfhoirmeach.
Cruth	Torthaí glasa úra a mbíonn bun pléatáilte orthu agus lár cruinn acu agus bíonn cruth comhsheasmhach orthu. Is iondúil go mbíonn cruth cruinn ar gach toradh agus bíonn an barr agus thart timpeall pheirianta na dtorthaí beagán géar. Bíonn méid na dtorthaí idir measartha agus beag, bíonn an meánmheáchan thart ar 1,2 – 1,8 cileagram.
Bia	Ní mór tiús an bhia cnó cócó a bheith déshraitheach.
Blas	Milis agus cumhracht ar nós pandain air.

(3) Saintréithe ceimiceacha:

Bíonn an leibhéal milseachta sa raon 7 – 10 gcéim Brix.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

–

3.4. Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe

(1) Iomadú

(2) Plandú

(3) Leasú

(4) Díothú fiailí

(5) Buain

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

–

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar an lipéad ar phacáistíocht ‘มะพร้าว น้ำหอม ราชบุรี/ Maphrao Namhom Ratchaburi’:

— Beidh na focail ‘มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี’ agus/nó ‘Maphrao Namhom Ratchaburi’ i measc na sonraí ar an lipéad nó ar an bpacáiste.

— Sonraigh ainm an ghairdín/an fheirmeora agus sonraí teagmhála.

— Bainfear úsáid freisin as lógó TG na Téalainne agus lógó an Aontais le haghaidh TGFCanna (tar éis dheonú an TGFC).

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaíonn an phlandáil limistéar 7 gceantar, lena n-áirítear Ceantar Damnoen Saduak, Ceantar Wat Phleng, Ceantar Ban Pong, Ceantar Mueang Ratchaburi, Ceantar Bang Phae, Ceantar Pak Tho, agus Ceantar Photharam i gCúige Ratchaburi. Tá Cúige Ratchaburi lonnaithe i réigiún láir thiar na Téalainne, tá a limistéar teorann in aice le Poblacht Aontas Mhaenmar, agus tá a dhobhardhroim, atá 73 chiliméadar ar fad, taobh le sliabhraon Tanaosri. Tá Cúige Ratchaburi thart ar 100 ciliméadar ó Bangkok, agus is í Abhainn Mae Klong an phríomhabhainn a shreabhann trí Chúige Ratchaburi i gCeantar Ban Pong, Ceantar Photharam, Ceantar Saduak Damnoen, agus Ceantar Mueang Ratchaburi, atá thart ar 67 gciliméadar agus ag a bhfuil achar 3 247 milliún *rai* nó 5 196 chiliméadar chearnacha arb éard atá ann 11,27 faoin gcéad den limistéar i réigiún thiar 8 gcúige leis na críocha seo a leanas:

— Thuaidh nasctha le Cúige Kanchanaburi.

— Theas nasctha le Cúige Phetchaburi.

— Thoir nasctha le cúigí Nakhon Pathom, Samut Sakhon agus Samut Songkhram.

— Thiar nasctha le Poblacht Aontas Mhaenmar.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Is féidir dálaí Geografacha Chúige Ratchaburi a aicmiú i gceithre chineál, mar atá: limistéir shléibhe arda, limistéir ardchláir, limistéir mhachaire, agus limistéir ísealchríche. Tá limistéir phlandála 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi' i limistéar láir agus thoir an chúige ar limistéir mhachaire agus ísealchríche iad.

Cé is moite de thosca nádúrtha a bhfuil ról lárnach acu i dtáirgeadh 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi', tá ról lárnach ag eolas an duine sa táirgeadh freisin. Raon eolas an duine idir a fhios a bheith ag an duine torthaí ardcháilíochta a roghnú ó mháthairphlanda atá 10 mbliana d'aois ar a laghad ar a bhfuil torthaí a bhfuil dath donn orthu, agus an díog a ardú chun go sreabhfaidh an t-uisce trí chanáil bheag ar feadh na bliana iomláine agus bheith ag sreabhadh ar an dá thaobh den tsraith phlandála, agus a fhios a bheith ag an duine nach mór na crainn a chur i séasúr báistí, agus gurb é an tréimhse is fearr chun iad a bhaint thart ar 200-205 lá (7 mí) tar éis é a bheith faoi bhláth, is samplaí iad ar fad d'eolas an duine a bhfuil ról lárnach aige sa táirgeadh agus a chinneann cáilíocht 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi'.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

An cineál a úsáidtear chun 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi' a fhás, sódh é ó chineál cnó cócó gearr glas áitiúil ar a dtugtar Moo Si Khiao. Is barr eacnamaíoch é an cnó cócó aramatach ar a bhfuil luach easpórtála atá ag teacht le billiúin baht in aghaidh na bliana agus is cnó cócó dúchasach de thionscnamh na Téalainne é. Is barra crosphailnithe iad cnónna cócó, mar sin níl siad pórghlan de réir chineál an phórúcháin. Is féidir cnónna cócó a roinnt ina dhá chineál, is iad sin an cineál cnó cócó gearr agus an cineál cnó cócó ard. Is minic a bhíonn cineál cnó cócó gearr féinphailnithe, mar sin bíonn sé torthúil agus is annamh a shónn sé. Saothraítear go forleathan é ar mhaithe lena thorthaí óga mar nuair nach mbíonn na torthaí aibí nó nuair a bhíonn siad thart ar 4 mhí d'aois, bíonn a mbia bog agus bíonn a n-uisce milis. Cnó cócó aramatach barántúil a úsáidtear chun 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao

Namhom Ratchaburi' a shaothrú, nuair a phéac sé go leor ina shíológa, ní mór blaosc síolóige cnó cócó aramataigh bharántúil a bheith rocach i stríoca, ach bíonn síológa na gcineálacha sóite mín gan bheith rocach. Is féidir é a aithint thar na cineálacha eile ina mbíonn peitíní na síológ sóite dearg, ach is glas é síológ cineáil cócó aramataigh bharántúil. Bealach eile é a aithint is ea foircinn fhréamhacha an chnó cócó a chuimilt. Má bhíonn boladh ar nós pandain air, is cineál cnó cócó aramatach barántúil é.

Fástar an cineál Moo Si Khiao go leor i gCeantar Sam Phran agus Nakhon Chai Si i gCúige Nakhon Pathom, agus tá an saothrú leathnaithe amach chun limistéir in aice láimhe i gCúige Ratchaburi a chumhdach, go háirithe thart ar inbhear Abhainn Mae Klong, a bhain cáil amach sa deireadh mar an phlandáil chnó cócó aramataigh is mó sa Téalainn agus arb é an cineál a roghnaíodh chun 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi' a fhás.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréithe eile atá ann (i gcás TGFC)*

Is é hibridiú na staiméiní (ar a dtugtar éifeacht Xenia) is cúis leis an dea-bholadh ar nós pandain a bhíonn ar uisce cnó cócó 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi'. Cuireann topagrafaíocht, ithir agus aeráid Chúige Ratchaburi go mór freisin le saintréithe agus uathúlacht 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi'.

Is í Sraitheanna Ithreach 2, 3, 8 agus 38 an phríomhithir atá oiriúnach chun 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi' a phlandú, atá le fáil i gceantar Mueang Ratchaburi, Ceantar Bang Phae, Ceantar Wat Phleng, Ceantar Photharam, Ceantar Pak Tho, Ceantar Ban Pong, agus ceantar Damnoen Saduak. Cré-ithir, cré-ithir shiolta agus ithir dhúrabháin is mó atá san ithir. Tá dath na hithreach sa raon idir dath liath, dath donn liath agus dath liath dorcha, donn nó dath donn dorcha. Tá an pH sa raon idir aigéad láidir agus measartha alcaileach (pH 5,5 – 8,5). Tá an ithir lán le mianraí oiriúnacha ina bhfaightear criostail ghipsim, nóidíní mangainéise, blaoscanna, aolchlocha, agus calóga míoca san ithir.

Tá tionchar ag an monsún thiar theas, a shéideann taise ón Aigéan Indiach agus ó Mhuir Andaman, ar an aeráid sa limistéar geografach seo. Ach mar gheall ar an mbac a chuireann sliabhraon Tanaosri uirthi, ní fhaigheann an limistéar in aice leis an sliabh mórán báistí. Séidtear an chuid is mó den taise go hinbhear Abhainn Mae Klong agus go réigiún thoir an chúige arb é atá ann limistéar plandála 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi'. Ní bhíonn an mheánbháisteach bhliantúil níos lú ná 1 500 – 2 000 mm. Bíonn an mheánteocht bhliantúil 35 chéim Celsius. Mar gheall ar na dálaí fabhracha ithreach, na dálaí aeráide, an topagrafaíocht agus an bháisteach, tá an limistéar oiriúnach chun 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi' a fhás ann agus is féidir an dea-bholadh sainiúil breá ar nós pandain a bhíonn ar 'มะพร้าวน้ำหอมราชบุรี/Maphrao Namhom Ratchaburi' a choinneáil sa táirge dá bhrí sin.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

Fógra ón Roinn Maoine Intleachtúla Uimh. 205/2560 an 22 Nollaig 2017.